C/2024/7285

6.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7285)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Pantelleria'

PDO-IT-A0792-AM02

Dáta na teachtaireachta: 10 Meán Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Tréimhse choipthe

Tuairisc: baineann an leasú le mír a chuimsiú in Airteagal 5 den tsonraíocht táirge lena leagtar síos an 30 Meitheamh tar éis na bliana inar táirgeadh na fíonchaora mar theorainn don tréimhse uasta le haghaidh coipeadh agus dara coipeadh fíonta a dhéantar as fíonchaora rísínithe.

Cúiseanna: is é is cuspóir don leasú seo ar an tsonraíocht deireadh a chur leis an gcéim mhaorlathach a bhaineann le húdarú a iarraidh chun na fíonchaora a choipeadh tar éis an 15 Nollaig tar éis bhuaint na bhfíonchaor.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

2. Lipéadú agus cur i láthair - Úsáid an téarma 'Zibibbo'

Tuairisc: baineann an leasú leis an rogha a chur isteach chun an téarma 'Zibibbo' a lua, le haghaidh 'Pantelleria Bianco' [Pantelleria geal] amháin.

Cúiseanna:

1) An téarma 'Bianco' a fhorlíonadh ar lipéid leis an téarma a úsáidtear sa limistéar áitiúil, áit ina dtagraítear go traidisiúnta do 'Pantelleria Bianco' mar 'Zibibbo Secco' [Zibibbo tirim];

2) Úsáid ATFC 'Pantelleria' a chur chun cinn de rogha ar TGFC 'Terre Siciliane', trí úsáid an téarma 'Zibibbo' a cheadú;

3) Chun gur féidir cur chuige maidir le lipéadú, ainmniú agus cur i láthair na bhfíonta sin a chaighdeánú.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise'.

3. Lipéadú agus cur i láthair - Tagairt d'aonad geografach níos leithne

Tuairisc: baineann an leasú leis an rogha an téarma geografach 'Sicilia' a úsáid, atá ar fáil cheana féin le haghaidh na n-ocht n-ainmniúchán tionscnaimh eile de chuid na Sicile.

Cúiseanna: is é is cúis leis an leasú seo go dtugann úsáid an téarma 'Sicilia' 'Pantellaria' i gcomhréir le hainmniúcháin eile an réigiúin agus go gcuireann sé i gcomhthéacs geografach ar an margadh domhanda é. Trí úsáid a bhaint as an téarma geografach níos leithne 'Sicilia', soláthraítear tásc geografach breise a chuidíonn, go háirithe don mhargadh onnmhairiúcháin, le hoileán Pantelleria a shainaithint mar chuid de chríoch réigiúnach na Sicile.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise'.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Pantelleria

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon
3. Fíon licéir
4. Fíon súilíneach
6. Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach
11. Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe
15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe
16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta:**

1. *'Pantelleria' Moscato di Pantelleria*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí, scáthú go hómra uaireanta;

Blas: milis, dea-bholaithe de chineálacha fíonchaor Moscato;

Dea-bholadh: saintréitheach, dea-bholaithe Moscato, deas aramatach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 15,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *'Pantelleria' Passito di Pantelleria [fíon ó fhíonchaora rísínithe]*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí órga ag scáthú go hómra;

Blas: milis, aramatach, deas;

Dea-bholadh: cumhra, tipiciúil d'fhíonchaora Moscato;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 20,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 31,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 14

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 30

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *'Pantelleria' Moscato Liquoroso [fíon licéir], Moscato dorato [órga], Passito liquoroso [fíon licéir ó fhíonchaora rísínithe]*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí nó buí órga lena mbaineann déine éagsúil, ag scáthú go hómra uaireanta;

Blas: Dea-bholaithe fíonchaor Moscato, milis, veilbhitiúil;

Dea-bholadh: saintréith Moscato, deas, aramatach, dian;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 21,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 19,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *'Pantelleria' Moscato Spumante [súilíneach]*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cúr: mín agus marthanach;

Dath: buí ar dhath na tuí lena mbaineann déine éagsúil;

Blas: milis, tipiciúil d'fhíonchaora Moscato;

Dea-bholadh: tipiciúil d'fhíonchaora Moscato;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *'Pantelleria' Zibibbo dolce [milis]*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí órga lena mbaineann déine éagsúil;

Blas: tipiciúil d'fhíonchaora Moscato;

Dea-bholadh: deas, aramatach;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 10,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

6. *'Pantelleria Bianco [geal] lena n-áirítear Frizzante [leathshúilíneach]*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: buí ar dhath na tuí lena mbaineann déine éagsúil;

Blas: comhchuí, sách bog, leathshúilíneach uaireanta;

Dea-bholadh: deas, sainiúil;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,50 % de réir toirte;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17.0 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

—

5.2. *Uastáirgeacht*

1. ‘Pantelleria’ Moscato di Pantelleria

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. ‘Pantelleria’ Passito di Pantelleria

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. ‘Pantelleria’ Moscato Liquoroso, Moscato Spumante, Zibibbo dolce, Bianco agus Frizzante

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. ‘Pantelleria’ Moscato Dorato

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. ‘Pantelleria’ Passito Liquoroso

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar táirgthe suite i réigiún na Sicile agus áirítear leis críoch iomlán oileán Pantelleria, atá i gcúige Trapani.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Zibibbo B - Moscatellone

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

ATFC Pantelleria

Tá an nasc idir an limistéar geografach críochaithe agus ATFC ‘Pantelleria’ bunaithe ar na gnéithe sonracha ithreach, aeráide agus tírdhreacha. Cuimsíonn an limistéar geografach go heisiach na tailte oiriúnacha ar fud oileán Pantelleria, ar de thionscnamh bolcánach é. Bíonn sé gaofar ar an oileán a sholáthraíonn, in éineacht lena ghnéithe aeráide agus comhshaoil eile, na dálaí cearta chun fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Is fianaise í stair an fhíonsaothraithe agus an táirgthe fíona, a théann siar na mílte bliain i limistéar an ATFC seo, ar an gcaoi ar fágadh teicnící traidisiúnta fíonsaothraithe agus fíoneolaíocha mar oidhreacht thar na céadta bliain mar thoradh ar idirghabháil an duine ar an oileán agus ar an gcaoi ar feabhsaíodh iad go dtí an lá atá inniu ann.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

An t-ainm geografach níos leithne a úsáid

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ceadaítear úsáid an ainm gheografaigh níos leithne ‘Sicilia’ ar lipéadú agus ar chur i láthair fhíonta ATFC ‘Pantelleria’. Má úsáidtear é, ní mór an t-ainm geografach níos leithne ‘Sicilia’ a chur i ndiaidh an ainmniúcháin ‘Pantelleria’ ar an lipéad, agus faoi bhun an téarma thraidisiúnta ‘Zibibbo’.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Le haghaidh fhíonta ‘Pantelleria Bianco’, is féidir an téarma ‘Zibibbo’ a bheith le feiceáil ar an lipéad freisin, faoin ainmniúchán ‘Pantelleria’ agus faoin téarma comhfhreagrach ‘Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint’.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21941